



## GLAOCH OSCAILTE

### ***Síol a Chur: Ó Chartlann go hEalaín***

Cuirfidh Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe fáilte roimh léirithe spéise ó laistigh de phobal na n-ealaíon agus na ceardaíochta chun páirt a ghlacadh i dtionscnamh dar teideal *Síol a Chur: Ó Chartlann go hEalaín*.

Tá bailiúchán cartlanna ar leith agus éagsúil i gCartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá caomhnaithe ar mhaithe le cuspóirí fianaiseacha, stairiúla agus cultúrtha ón 17<sup>ú</sup> haois go dtí an lá atá inniu ann. Tá cartlanna údarás áitiúla san áireamh sa bhailiúchán ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó údaráis áitiúla díomhaoine éagsúla, cosúil le Bord Bardach Dhlí na mBocht agus Comhairlí Ceantair Tuaithe. Tá bailiúcháin de pháipéir phearsanta, páipéir ó eastáit talún agus ábhar ó eagraíochtaí agus ó dhaoine aonair príobháideacha éagsúla inti freisin. Tá réimse meán, cruth, méid agus foirm sa chartlann. Tá ionadaíocht ag mórán gach gné de stair shóisialta, pholaitiúil, thráchtála agus chultúrtha Chontae na Gaillimhe laistigh de na bailiúcháin.

Tá cuireadh á thabhairt d'ealaíontóirí rogha den chartlann, arna roghnú go heisiach ag an gcartlannaí a chuardach, chun iniúchadh, ceistiú agus ciall eile a bhaint as. Beidh sé mar thoradh ar rannpháirtíocht sa tionscadal go gcruthófar saothar ealaíne comhaimseartha, ag úsáid na cartlainne mar inspioráid agus próisis a bhaineann le cleachtais chruthaitheacha aonaracha.

I measc na n-ábhar tá:

1. G00/4/46: Léarscáil shimplí, ach atá tarraingteach ar an tslí ar tarraingíodh í, dar dáta 1722, agus imeall ar a bhfuil imir atá daite de bheagán, ina dtugtar mionsonraí faoi thalamh Uí Cheallaigh ó eastát Achadh Raithin, a dtagraítear dó i léas ó 1755.
2. GS01/5: Imleabhar álainn ó 1775 ar a bhfuil cumhdach leathair agus ina bhfuil 32 léarscáil lámhdhaite agus cur síos, ag Charles Óg Frizell, ó eastát Richard St George Mansergh St George, Áth Cinn. Ar fáil ar líne ag [www.galway.ie/digitalarchives](http://www.galway.ie/digitalarchives)
3. GP1/10: Litir phearsanta lámhscríofa ó [Francis] Nugent as an Phailís chuig Georgina Bean Lawrence, as Lawrencetown, c.1858, maidir le breith a gharmhic roimh an am.
4. GS11/02: Pleananna agus líníochtaí, cuid acu a bhfuil imir atá daite de bheagán orthu, a théann ó 1830 go 1866 de Phríosún Chontae na Gaillimhe agus de Phríosún Bhaile an Chontae (Cathair na Gaillimhe): ar fáil ar líne ag [www.galway.ie/digitalarchives](http://www.galway.ie/digitalarchives)

Críochnóidh an tionscadal le taispeántas oibre ó ghrúpa a chuirfear i láthair i mí Dheireadh Fómhair 2018. Cuirfear catalóg ar fáil chun an tionscnamh píolótach seo a chomóradh. Spreagann *Síol a Chur: Ó Chartlann go hEalaín* fiosracht, bearnaí na staire a dhúnadh, cartlanna agus pobal trí shamhlúcháin chomhaimseartha.

Tá an tionscadal seo ann trí mhaoiniú a fuarthas ó Éire Ildánach.

-----

## Clárú Spéise

Déantar cinneadh faoi rannpháirtíocht sa tionscnamh seo trí chuireadh. Tabharfar cuireadh do suas le seisear ón bpróiseas Glaoch Oscailte bunaithe ar léiriú spéise, fiúntas chleachtais ealaíne agus féidearthacht. Cláraigh do spéis trí ríomhphost chuig [archivist@galwaycoco.ie](mailto:archivist@galwaycoco.ie) trí **cheangaltán PDF amháin** a chur isteach lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

1. Foirm Chláraithe líonta amach
2. CV (2 leathanach)
3. Samplaí d'obair roimhe seo i bhfoirm suas le 6 íomhá ar chóir foscríbhinn a chur leo ina mbeidh teideal, toisí, ábhair/ meán nó suas le 2 nasc gréasáin chuig físeán / ilmheán.

Íoslódáil an Fhoirm Chláraithe [anseo](#)

**Tabhair faoi deara gurb é 9rn Dé Luain 18 Meitheamh 2018 an dáta deiridh a nglacfar le Foirmeacha Cláraithe líonta amach. Ní ghlacfar le foirmeacha a chuirfear isteach déanach.**

## Critéir Cháilitheachta

- Tá fáilte roimh iarratasóirí ó laistigh d'earnáil na n-ealaíon agus na ceardaíochta agus tá oiriúnacht ar leith dóibh siúd a oibríonn i ndisciplíní criadóireachta, líníochta, dealbhóireachta, déanta priontaí, teicstíle, péinteála agus grianghrafadóireachta.
- Ní mór Foirmeacha Cláraithe a chur isteach, líonta amach go hiomlán, roimh an spriocdháta atá ráite.
- Caithfidh iarratasóirí a bheith ar fáil chun freastal ar ionductú faoi bhailiúchán na cartlainne ar 29 Meitheamh (láthair le socrú).
- Is é **Dé Céadaoin 19 Meán Fómhair 2018** an dáta atáthar ag súil a bheidh an saothar ealaíne nua críochnaithe trí chuireadh.
- Caithfidh iarratasóirí a bheith ina gcónaí i limistéar riaracháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi Chartlanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe [anseo](#). Is féidir fiosrúcháin agus fiosruithe ginearálta a bhaineann leis an nGlaoch Oscailte seo a sheoladh chuig Joanna on 086 877 4710.

## **Nótaí do Rannpháirtithe Roghnaithe:**

- Admhóidh an Chartlann go bhfuarthas gach Foirm Chláraithe.
- Eiseofar cuireadh do rannpháirtíocht tríd an bpróiseas Glaoch Oscailte faoin 25 Meitheamh 2018.
- Is gá do rannpháirtithe roghnaithe Foirm Socraithe Soláthraithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe a líonadh amach (mura soláthraí cláraithe é/í cheana féin).
- Beidh stipinn ar fáil do na rannpháirtithe rathúla.
- Beidh ceardlann chun Eolas a fháil faoin gCartlann ann ar 29 Meitheamh 2018.
- Is é **19 Meán Fómhair 2018** an spriocdháta chun obair ealaíne nua a chríochnú.
- Déanfaidh an Chartlann doiciméadú gairmiúil ar an tionscadal.
- Déanfaidh an Chartlann maoirseacht ar tháirgeadh catalóige.
- Tá sé de cheart ag an gCartlann grianghraf a thógáil d'oibreacha agus iad a úsáid ar mhaithe le cúiseanna poiblíochta, mura dtugann an t-ealaíontóir a mhalairt le fios i scríbhinn. Is leis an t-ealaíontóir i gcónaí cóipcheart den obair ar fad.
- Tabharfaidh speisialtóir tacaíocht d'fhorbairt agus do léiriú an taispeántais.
- Cuirfear taispeántas den obair i láthair i **nDeireadh Fómhair 2018**.